



An Bhruiséil, 27.4.2022
COM(2022) 657 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, AN CHOMHAIRLE, COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS COISTE NA RÉIGIÚN

Scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach

1. RÉAMHRÁ

Téann an imirce dhleathach chun tairbhe d'imircigh agus do thíortha tionscnaimh agus cinn scríbe. Tugann sé deis dóibh siúd ar mian leo dul ar imirce a gcúinsí féin a fheabhsú agus cabhraíonn sé le freastal ar riachtanais na dtíortha óstacha i margadh an tsaothair. D'fhéadfadh sé a bheith ina infheistíocht sa gheilleagar agus sa tsochaí ina hiomláine, ag tacú le haistriú glas agus digiteach an Aontais, agus ag an am céanna cuireann sé le sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos comhtháite agus níos athléimní. Ní mór do chomhbheartas imirce an Aontais comhtháthú gheilleagar an Aontais agus idirspleáchas mhargaí saothair na mBallstát a léiriú. Ba cheart go gcuideodh sé leis na Ballstáit a mballraíocht in AE a úsáid mar shócmhainn chun tallann agus cineálacha éagsúla scileanna a mhealladh lena bhféadfaí cur le dinimiceas gheilleagair an AE.

Is gnéithe bunúsacha den chine daonna, ar fud an domhain agus san Aontas Eorpach iad an imirce agus an tsoghluasteacht, agus is amhlaidh a bheidh i gcónaí. An 1 Eanáir 2021 bhí cónaí ar 23.7 milliún náisiúnach ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad san Aontas, méid arb ionann agus 5.3% den daonra iomlán¹. Tá teorainn i gcónaí leis an imirce neamhrialta chuig an Aontas in ainneoin go bhfaigheann sí cumhdach forleathan na meán. Gach bliain tagann idir 2.25 agus 3 mhiliún náisiúnach ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad chuig an Aontas ar bhealaí dlíthiúla, i gcomparáid le hidir 125,000 agus 200,000 náisiúnach neamhrialta².

Is cuid ríthábhachtach í an imirce dhleathach den chur chuige cuimsitheach i leith na himirce a leagtar amach sa **Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann**³, lena n-áirithítear comhleanúnachas níos mó idir gnéithe inmheánacha agus seachtracha na mbeartas imirce. Chun creat níos éifeachtaí a chothú le haghaidh bealaí dleathacha chuig an Aontas, **leagtar amach sa Teachtaireacht seo trí cholún de bheartas imirce dleathach AE a bheidh uailmhianach agus inbhuanaithe.** Tá na colúin sin ann (1), bearta reachtacha, (2) oibríochtúla agus (3) bearta beartais atá dírithe ar an todhchaí, a chuideoidh chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin is tábhachtaí atá roimh an Aontas chun scileanna agus tallann a mhealladh, sa ghearrthearma agus san fhadtearma. Tabharfar aghaidh sa

¹ Staidreamh Eurostat maidir leis an [imirce agus daonra na n-imirceach](#).

² Staitisticí Eurostat maidir leis na chéad cheadanna cónaithe ([migr resfirst](#)) agus Frontex.

³ COM(2020) 609 final.

Teachtaireacht sin freisin ar an ngá atá ann os cionn 2,5 milliún duine fásta⁴ a chomhtháthú i margadh saothair an Aontais faoi mhí Aibreáin 2022 agus iad ag teacht isteach san Aontas Eorpach mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

An cás polaitiúil agus eacnamaíoch don imirce saothair

Tá ról ríthábhachtach ag imircigh cheana féin i ngeilleagar agus i sochaí na hEorpa. Le deich mbliana anuas, b'oibríthe imirceacha⁵ a bhí i gcuid mhór de na poist nua san Aontas, rud a chuidigh chun **aghaidh a thabhairt ar riachtanais sa mhargadh saothair**. Is cuid de mheascán beartais níos leithne é ligean isteach imirceach chun aghaidh a thabhairt ar an easpa saothair agus ar na bunchúiseanna atá leis an nganntanas saothair agus scileanna araon⁶. Léirigh paindéim COVID-19 gur imircigh iad suas le 13 % d'oibríthe a bhfuil bunfheidhmeanna acu – ó dhochtúirí go haltraí agus tiománaithe⁷.

Ag an am céanna, **tá ionradh na Rúise ar an Úcráin tar éis an t-easáitiú is mó a spreagadh san Eoraip ón Dara Cogadh Domhanda i leith**, áit ar mná agus leanaí iad formhór mór na ndaoine atá ag teacht isteach. Tar éis an Treoir um Chosaint Shealadach⁸ a chur i ngníomh, leanfaidh an tAontas de bheith ag cur fáilte roimh dhaoine atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin agus tacóidh sé lena lánpháirtiú i margadh an tsaothair mar thosaíocht. Le teacht na dtíortha sin chuig an Aontas, ní chuirtear bac ar an ngá atá le bunsraith a leagan síos maidir le cur chuige inbhuanaithe agus comhchoiteann i leith imirce lucht saothair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna an Aontais san fhadtéarma.

Mar thoradh ar Covid-19, tá margadh saothair na hEorpa ag fillleadh ar na leibhéal réamh-phainéalacha ar an iomlán⁹: Leanann margadh saothair an AE dá théarnamh agus éilíonn sé oibríthe nua, go háirithe in earnálacha ina bhfuil ganntanas struchtúrach, amhail in earnáil na turasóireachta, an fháilteachais, na teicneolaíochta faisnéise, na sláinte agus na lóistíochta. Mar sin féin, tá ganntanas saothair in earnálacha áirithe níos mó ná mar a bhí

⁴ UNHCR, féach <https://data2.unhcr.org/en/situations/ukraine>.

⁵ An 1 Eanáir 2021, b'ionann na náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí i mBallstáit AE-27 agus 5.3 % den daonra iomlán. De réir Eurostat, áfach, in 2020 (ag baint úsáide as sonraí LFS agus aicmiú ISCO-08), b'ionann iad agus 8.7 % de ghlantóirí agus de chúntóirí, 7.2 % de chúntóirí ullmhúcháin bia, 6.9 % de shaothróirí talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaigh, 6.1 % d'oibríthe tógála agus 6.0 % de na saothraithe sa mhianadóireacht, sa tógáil, sa déantúsaíocht agus san iompar.

⁶ I measc na n-idirghabhálacha eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhostóirí agus/nó ar lucht déanta beartas, thioctadh méadú ar an bpá, feabhas a chur ar dhálaí oibre, an chaoi a ngníomhachtaíonn na cónaitheoirí reatha ó chúlra dúchasach agus coigríche, go háirithe mná, infheistiú i saoráidí oideachais agus oiliúna nó athchóiriú a dhéanamh orthu, próisis táirgthe a athrú nó allmhairí a mhéadú. Féach mar shampla *Labour shortages and migration policy*, IOM 2012.

⁷ <https://ec.europa.eu/jrc/en/news/crucial-contribution-migrant-workers-europes-coronavirus-response>.

⁸ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle lena mbunaítear gurb ann do mhórphlódú daoine easáitithe ón Úcráin.

⁹ <https://www.pesnetwork.eu/2022/04/04/european-labour-market-barometer-17/>

roimh COVID-19¹⁰ agus tháinig méadú mór ar fholúntais poist nár líonadh, cé nach bhfuil téarnamh iomlán tagtha ar an bhfostaíocht go fóill.

Ina theannta sin, ní mór don imirce dhleathach a bheith ag gabháil le **haistriú an Aontais chuig geilleagar glas digiteach**, rud a éilíonn scileanna sonracha agus athstruchtúrú ár ngeilleagar agus ár margaí saothair. Chun tacú leis an dá aistriú, ba cheart imirce lucht saothair an Aontais a bheith ag breathnú chun cinn. Is dócha go mbeidh tionchar ag an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de ar earnálacha amhail earnáil na tógála, earnáil an fhuinnimh, earnáil na monaraíochta agus earnáil an iompair, rud a éilíonn breis oibre agus scileanna nua¹¹.

Ní hamháin go bhfuil gné eacnamaíoch ag baint le himirce saothair, ach **feabhsaíonn sí freisin bainistiú foriomlán na himirce mar go gcuideann sé lenár gcomhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais a neartú**, sin agus é d'aidhm aici imirce neamhrialta a laghdú. Tá sé ar cheann de na príomhionstraimí i mbosca uirlisí an Aontais a leagtar amach sa Chomhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann, chun comhpháirtíochtaí cothroma agus comhthairbheacha maidir leis an imirce a thógáil, atá ailínithe leis an gClár Oibre um Fhorbairt Inbhuanaithe.

Dá bhrí sin, tá cás láidir polaitiúil agus eacnamaíoch ann chun bealaí dleathacha níos éifeachtaí a bhunú chun go mbeidh imircigh in ann teacht isteach san Eoraip. Is beag an méid sin, áfach, toisc go n-aithnítear dálaí agus beartais éagsúla Bhallstáit an Aontais. Is **inniúlacht chomhroinnte í an imirce dhleathach idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit**. Is iad na Ballstáit aonair, agus iadsan amháin, a bhfuil sé d'inniúlacht acu cinneadh a dhéanamh maidir le líon na náisiúnach ó tíortha nach Ballstáit den Aontas iad atá ag teacht ar a gcríoch chun obair a lorg.

Ní mór **dul chun cinn réalaíoch, pragmatach agus céimseach** a dhéanamh sa socrú sin. Fágann an reachtaíocht gur féidir comhrialacha a shocrú. Cuireann tionscnaimh oibríochtúla, arna gcomhordú leis na Ballstáit, le Parlaimint na hEorpa agus le tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach, ar ár gcumas bearta nithiúla, pragmatacha a dhéanamh. A bhuí le tionscnaimh nua beartais, is féidir bearta a dhéanamh amach anseo. Arna dtabhairt le chéile, is cnámh droma iad de chur chuige comhchoiteann Eorpach i leith na himirce dleathaí i gcomhréir le luachanna Eorpacha agus atá in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna.

¹⁰International Monetary Fund, *Labor market tightness in advanced economy* [An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, *Labor market tightness in advanced economy*], Márta 2022.

¹¹Eurofound, *Tackling labour shortages in EU Member States*, Iúil 2021, <https://www.eurofound.europa.eu/publications/report/2021/tackling-labour-shortages-in-eu-member-states>.

Comhthéacs déimeagrafach agus na príomhdhúshláin

Ag an am céanna, tá an tAontas ag dul in aois agus ag laghdú an daonra oibre. Faoi mbliain 2070, tiocfaidh laghdú ar líon an daonra atá in aois oibre ó thart ar 65 % in 2019 go dtí idir 56 % agus 54 % de dhaonra iomlán an Aontais sna 27 mBallstát¹².

Cuireann **na treochtaí sin** leis an mbrú ar mhargaí saothair, rud a bhaineann an bonn den iomaíochas agus den fhás eacnamaíoch. Tá sciar an daonra atá in aois oibre ag dul i laghad agus tá sciar na ndaoine aosta ag dul i méid. Tá sé sin le feiceáil go háirithe i roinnt Ballstát¹³. Is mó a bhíonn tionchar ag laghdú ar dhaonra in aois oibre i roinnt réigiún san AE ná réigiúin eile, agus is iad ceantair thuaithe is mó a chuaigh i gcion orthu. Cuireann daonra atá in aois oibre ag laghdú níos mó brú ar ár gcórais phinsin agus ar ár gcórais cosanta sóisialta, rud a chuireann amhras ar a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Ina theannta sin, ní mór don AE aghaidh a thabhairt ar ghanntanais ghairme in earnálacha¹⁴ agus i réigiúin ar leith, lena gcumhdaítear gach leibhéal scile: Tá ar fhostóirí an AE aghaidh a thabhairt ar ghanntanas suas le 28 gairm a fhostaíonn 14 % de lucht saothair an AE in 2020. I measc na gairmeacha sin tá pluiméirí agus feisteoirí píopaí, gairmithe altranais, anailísithe córais, welders agus gearrthóirí lasracha, tiománaithe trom-trlacha agus leoraithe, innealtóirí sibhialta agus forbróirí bogearraí¹⁵. Is léir freisin ar an leibhéal réigiúnach go bhfuil ganntanas lucht saothair ann de bharr, mar shampla, difríochtaí i leibhéal forbartha idir réigiúin, limistéir uirbeacha a bheith i láthair laistigh de réigiúin nó an margadh saothair réigiúnach agus dálaí maireachtála éagsúla¹⁶.

Déanann an tAontas a dhícheall rannpháirtíocht na mban, na ndaoine scothaosta, na ndaoine faoi mhíchumas agus na ngrúpaí eile atá faoi ghannionadaíocht a mhéadú i margadh an tsaothair. Is é is aidhm dó freisin feabhas a chur ar scileanna daoine ar feadh a saoil oibre, mar

¹² ‘Daonra an 1 Eanáir de réir aoise, gnéis agus cineáil teilgean (proj_19np)’ ([Staitisticí Eurostat \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat/tgm/table.do?tab=table&init=1&language=en&plugin=1)).

¹³ Eurostat, [Struchtúr daonra agus aosú](https://migration-demography-tools.jrc.ec.europa.eu/atlas-demography/stories/AoD/2/migration/S4); An Coimisiún Eorpach, *Atlas na Déimeagrafaíochta, Tionchar na himirce ar dhaonra atá in aois oibre*, <https://migration-demography-tools.jrc.ec.europa.eu/atlas-demography/stories/AoD/2/migration/S4>.

¹⁴ Shroich an ráta folúntas ráithiúil EURO-27 2.4 % in 2021 R3, ráta ab airde ó 2019 R2 (roimh COVID). Bhí sé ag 2.6 % sa cheathrú ráithe de 2021. <https://ec.europa.eu/eurostat/documents/2995521/14358242/3-17032022-BP-EN.pdf/3e6f6746-aa8d-b25c-7696-3912bf7ebd2c?t=1647445976514>.

¹⁵ Ba iad sin na gairmeacha is minice a tuairiscíodh ganntanais in 2021 san Aontas Eorpach. Féach an tÚdarás Eorpach Saothair, *Analysis of shortage and surplus occupations; 2021* <https://www.ela.europa.eu/en/news/analysis-shortage-and-surplus-occupations-2021>.

¹⁶ Clúdaítear pátrúin aosaithe agus dídhaoine ar fud chríocha an Aontais go fairsing in Aurambout, J.P., Batista E Silva, F., Bosco, C., Conte, A., Ghio, D., Kalantaryan, S., Kompil, M., Perpiña Castillo, C., Proietti, P., Scipioni, M., Sulis, P. and Tintori, G., *The Demographic Landscape of EU Territories*, Goujon, A., Jacobs, C., Natale, F. and Lavallo, C. editor(s), EUR 30498 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021, ISBN 978-92-76-27239-7 (ar líne), 978-92-76-27238-0 (cló), doi:10.2760/658945 (ar líne), 10.2760/49621 (cló), JRC123046.

atá leagtha amach sa Chlár Oibre Eorpach Scileanna¹⁷. Mar sin féin, d'fhonn **aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin atá ag dul i méid i margadh an tsaothair, atá nasctha le treochtaí déimeagrafacha agus le ganntanais, ní leor iad leas a bhaint as an lucht saothair intíre amháin nó soghluaisteacht laistigh den AE a éascú**. Tá cumas soghluaisteachta laistigh den Aontas chun ganntanas lucht saothair a mhaolú ag éirí níos teoranta, lena n-áirítear toisc go nglactar leis go ndéantar tallann agus scileanna a ghnóthaítear in áit amháin a chailleadh in áit eile¹⁸, agus ní mór é a mheas i bhfianaise go dtuairiscítear ganntanas lucht saothair i mbeagnach gach Ballstát. Tá paindéim COVID-19 ag treisiú tuilleadh an éilimh ar roinnt gairmeacha sonracha ganntanais, agus is é an tionchar is mó ar an éileamh ar scileanna cúraim sláinte. Mar shampla, sa bhliain 2020, thuairiscigh an Bheilg, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, Éire, an Ísiltír, an Rómáin agus an tSualainn, go raibh ganntanas sláinte agus gairmithe bainteacha ann¹⁹. Is ionann oibrithe soghluaiste de chuid an Aontais agus níos lú ná an tríú cuid d'oibrithe cúraim phearsanta ón gcoigríoch a rugadh san Aontas, agus dhá thrían acu ag teacht ó lasmuigh den Aontas.

Aithníonn an **Clár Oibre Eorpach Scileanna** agus an **Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann** araon, dá bhrí sin, go bhfuil gá le cur chuige níos straitéisí maidir le himirce dhleathach, a bheidh dírithe ar dhaoine tréitheacha a mhealladh agus a choinneáil níos fearr chun an cumas fáis agus nuálaíochta a chothú agus chun imirce dhleathach a threorú chuig réigiúin agus gairmeacha beatha a bhfuil ganntanas scileanna acu.

Chun fanacht san iomaíocht dhomhanda, **ní mór don Aontas a bheith níos tarraingtí do dhaoine tréitheacha ar fud an domhain**. Faoi láthair, is mó seans go roghnódh náisiúnaigh ardcháilithe ó thíortha nach bhfuil san AE Meiriceá Thuaidh nó Aigéine seachas AE²⁰. Ba é an chéad chéim thábhachtach chun tarraingteacht an Aontais a fheabhsú an t-athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an **Treoir maidir le Cárta Gorm an Aontais**²¹, lena gcuirfear ar chumas imirceach ardcháilithe leas a bhaint as cearta feabhsaithe, go háirithe an ceart chun gluaiseacht agus oibriú i dtíortha eile de chuid an Aontais, chomh maith le nósanna imeachta níos tapúla agus níos cuíchóirithe. Ba cheart na gnéithe sin go léir den tarraingteacht a neartú

¹⁷ COM (2020) 274 final.

¹⁸ Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair ar thionscnamh chun maolú a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le himirce daoine oilte agus le daonra laistigh den Aontas Eorpach agus chun réitigh fhéideartha a shainathint chun meath eacnamaíoch agus sóisialta na réigiúin atá buailte a aisiompú. Seoladh na comhairliúcháin phoiblí i mí an Mhárta 2022.

¹⁹ Eurofound (2021), *Tackling labour shortages in EU Member States* [Ag dul i ngleic le ganntanais saothair i mBallstáit an Aontais].

²⁰ De réir an Bhunachair Shonraí maidir le Inimircigh i dtíortha de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), ní raibh ceann scríbe AE roghnaithe ach ag duine amháin as gach ceathrar imirceach a bhí ina gcónaí in ECFE in 2015-16, agus roghnaigh beagnach beirt as gach trí cinn acu socrú i Meiriceá Thuaidh nó san Aigéine.

²¹Treoir (AE) 2021/1883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta dár gá ardcháilíochtaí, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle

freisin do chatagóirí eile imirceach, mar aon le bearta chun dúshaothrú oibre²² agus idirdhealú a chomhrac²³. Is dúshlán é freisin **an t-éileamh ar shaothar agus an soláthar saothair a chomhoiriúnú** i gcomhthéacs idirnáisiúnta trí iomaíocht le haghaidh scileanna agus tallann a mhéadú. Dhá bhac atá ann faoi láthair is ea na nósanna imeachta inimirce fada casta agus riachtanais éagsúla ar fud na mBallstát, agus an deacracht a bhaineann le tallann ó thíortha lasmuigh den Aontas a nascadh le fostóirí ionchasacha sna Ballstáit.

Mar a leagtar amach sa Teachtaireacht "Na daoine atá ar a dteitheadh ó chogadh san Úcráin: An Eoraip a ullmhú chun na riachtanais a chomhlíonadh"²⁴ beidh gá ag na Ballstáit, ag an am céanna, le **bearta a ghlacadh chun tairbhíthe de chosaint shealadach a lánpháirtiú sa mhargadh saothair**. Tacóidh an Coimisiún le mapáil a scileanna agus a gcáilíochtaí chun iad a mheaitseáil le fostóirí an Aontais a éascú²⁵.

I dtreo beartas inbhuanaithe de chuid an Aontais maidir leis an imirce dhleathach, bunaithe ar thrí cholún

Le fiche bliain anuas, **tá creat dlíthiúil forbartha ag an Aontas** lena gcomhchuíbítear, den chuid is mó, coinníollacha iontrála agus cónaithe na mBallstát do chatagóirí áirithe náisiúnach ó thíortha nach bhfuil san AE. Áirítear leis sin iontráil agus cónaí chun críocha saothair, amhail oibríthe ardháilíthe (i.e. sealbhóirí “cárta gorm”)²⁶, oibríthe séasúracha²⁷, agus aistriúthe idirchorparáideacha²⁸. Rialaítear an méid seo a leanas freisin le creat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh: i) na coinníollacha iontrála agus na cearta atá ag mic léinn agus taighdeoirí ó thíortha neamh-AE²⁹, ii) an ceart chun athaontú teaghlaigh³⁰, agus iii) na coinníollacha agus

²² Maidir leis an gcomhrac i gcoinne an dúshaothraithe saothair in aghaidh imircigh neamhrialta, i mí Mheán Fómhair 2021 ghlac an Coimisiún Teachtaireacht (COM(2021) 592 final) maidir le Treoir 2009/52/CE maidir le Smachtbhannaí Fostóirí, inar sainithníodh roinnt gníomhaíochtaí riachtanacha chun cur chun feidhme agus éifeachtacht na Treorach a neartú.

²³ Ullmhaíodh sraith straitéisí maidir le húsáid chistí an AE chun daoine a mbaineann cúlra imirceach leo don chlárthréimhse 2021-27 a lánpháirtiú. Tá Plean Gníomhaíochta Frithchinfóchais an AE 2020-2025 ábhartha chomh maith: https://ec.europa.eu/info/policies/justice-and-fundamental-rights/combating-discrimination/racism-and-xenophobia/eu-anti-racism-action-plan-2020-2025_en

²⁴ COM(2022) 131 final.

²⁵ Féach roinn 3.2. Díorma Tallainne de chuid an Aontais a fhorbairt chun fostóirí an Aontais a mheaitseáil níos fearr leis na buanna a theastaíonn uathu.

²⁶ Treoir 2009/50/CE ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíocht dár gá ardháilíochtaí, IO L 155, 18.6.2009, lch. 17-29.

²⁷ Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis na coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír atá ar thóir obair shéasúrach, IO L 94, 28.3.2014, lch. 375-390.

²⁸ Treoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnach tríú tír mar chuid den aistriú ionchorparáide, IO L 157, 27.5.2014, lch. 1-22.

²⁹ Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coinníollacha dul isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tíortha chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus obair au pair, IO L 132, 21.5.2016, lch. 21-57.

na nósanna imeachta faoina bhféadfaidh náisiúnaigh ó thíortha nach bhfuil san AE ceart buanchónaithe a fháil (i.e. ‘cónaí fadtéarmach’)³¹. Leagtar síos le reachtaíocht AE freisin nós imeachta aonair – agus cead aonair lena gcomhcheanglaítear an t-údarú chun obair a dhéanamh agus cónaí – d’oibríthe ó thíortha neamh-AE a dtugtar cead isteach dóibh faoi scéimeanna náisiúnta na mBallstát³².

Faoi láthair, ní chumhdaítear le dlí an Aontais catagóirí eile d’imircigh saothair, ná daoine féinfhostaithe. Cumhdaítear cuid acu faoi rialacha náisiúnta. I mí an Mhárta 2019, rinne an Coimisiún Eorpach meastóireacht fhoriomlán ar an gcreat dlíthiúil sin (i.e. an tseiceáil oiriúnachta ar an imirce dhleathach³³). Ba é an toradh a bhí ar an meastóireacht sin conclúidí measctha agus cuireadh i bhfios go láidir go bhféadfaí níos mó a dhéanamh chun tionchar chreat imirce dhleathach an Aontais ar dhúshláin dhéimeagrafacha, eacnamaíochas agus imirce an Aontais a mhéadú. Baineadh de thátal as an tseiceáil oiriúnachta go bhfuil roinnt easnamh bunúsach i gcóras imirce dhleathach an Aontais, amhail ilroinnt, cumhdach teoranta rialacha an Aontais, neamhréireacht idir treoracha éagsúla, castacht na nósanna imeachta agus cur chun feidhme mícheart.

Chomh maith leis sin, d’fhorbair an tAontas **scéimeanna soghluaisteachta lucht saothair le tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach**. Is léir ó threoirthionscadail maidir leis an imirce dhleathach³⁴ gur féidir leis an AE, trí thacaíocht spriocdhíríthe a chur ar fáil, cabhrú leis na Ballstáit scéimeanna a chur chun feidhme a chomhlíonann riachtanais na bhfostóirí, agus forbairt an chaipitil dhaonna i dtíortha comhpháirtíochta á neartú aige ag an am céanna. Tá an tAontas Eorpach tar éis soghluaisteacht foghlaimeoirí agus foirne Erasmus+ sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a oscailt do thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach freisin. Mar sin féin, tá deis ann i gcónaí raon feidhme agus uailmhian na scéimeanna reatha a mhéadú.

D’fhonn teacht ar fhreagraí atá curtha in oiriúint do riachtanais iolracha agus chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh dhlíthiúla agus oibríochtúla, **rinne an Coimisiún comhairliúchán**

³⁰ Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh, IO L 251, 3.10.2003, lch. 12-18.

³¹ Treoir na Comhairle 2003/109/EC dar dáta 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach trú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad, IO L 16, 23.1.2004, lch. 44–53.

³² Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2009 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh trú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d’oibreoirí trú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát, IO L 343, 23.12.2011, lch. 1-9.

³³ https://ec.europa.eu/home-affairs/policies/migration-and-asylum/legal-migration-and-integration/legal-migration-fitness-check_en

³⁴ Bhí ocht mBallstát páirteach, nó tá baint acu faoi láthair, le sé thionscadal den chineál sin leis an Éigipt, leis an Moldóiv, le Maracó, leis an tSeineagáil sa Nigéir agus leis an Túinéis. I measc na bpríomhthéamaí tá soghluaisteacht chiorclach do shaineolaithe TFC, deiseanna d’fhiontraithe, mic léinn agus tréimhsí oiliúna.

forleathan. Chuaigh sí i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne i gcomhairliúchán oscailte³⁵, leis na Ballstáit, le Parlaimint na hEorpa, leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha³⁶ agus leis an tsochaí shibhialta³⁷. In 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa dhá Rún maidir leis an imirce dhleathach³⁸, inar iarradh ar an gCoimisiún creat dlíthiúil agus beartais an Aontais a fheabhsú agus a fhorbairt. Ar bhonn Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún sraith tograí a thíolacadh chun iontráil agus soghluaisteacht laistigh den AE a éascú agus a chur chun cinn do náisiúnaigh imirceacha dleathacha ó thíortha neamh-AE, agus é mar chuspóir maorlathas a laghdú, comhchuibhiú a neartú, cearta bunúsacha agus an chóir chomhionann a chur chun cinn, agus dúshaothrú saothair a chosc.

Cé go bhfuil siad i bhfabhar nósanna imeachta a shimpliú agus a chuíchóiriú, b'fhearr leis na Ballstáit i gcoitinne díriú ar ghnéithe oibríochtúla agus gan obair nua reachtach a dhéanamh maidir leis an imirce dhleathach ar leibhéal an Aontais.

D'fhonn feabhas a chur ar bhainistiú an Aontais ar an imirce dhleathach agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar iarrataí Pharlaimint na hEorpa agus na mBallstát ar bhealach cothrom, pragmatach, leagtar amach sa Teachtaireacht seo trí cholún lárnacha de bheartas inbhuanaithe de chuid an Aontais maidir leis an imirce dhleathach:

- **colún reachtach**, lena n-athmhúnlaítear an **Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarma**³⁹ agus an **Treoir um Chead Aonair**⁴⁰, chun simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir le ligean isteach oibríthe ag leibhéal éagsúla scileanna san AE, agus soghluaisteacht laistigh den Aontas d'oibríthe ó thíortha nach bhfuil san AE cheana féin, agus chun feabhas a chur ar a gcearta agus ar a gcosaint ar dhúshaothrú saothair;
- **colún oibríochtúil** ina dtugtar aghaidh ar dhúshlán na meaitseála idirnáisiúnta trí chéimeanna nithiúla a leagan amach chun **Comhpháirtíochtaí Tallainne** a fhorbairt

³⁵ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na hImirce agus Gnóthaí Baile, *Anailís ar fhreagairtí an chomhairliúcháin phoiblí ar thodhchaí na himirce dleathaí – Tuarascáil Sintéise*, Oifig na bhFoilseachán, 2021, <https://data.europa.eu/doi/10.2837/92995>

³⁶ I gcrúinnithe a eagraíodh le linn dréachtú na measúnuithe tionchair ar an dá Threoir agus ag an gcrúinniú an 17 Márta 2022, féach Measúnuithe Tionchair na Treorach maidir le Cónaí Fadtéarmach agus an Treoir um Chead Aonair, SWD(2022)651 agus SWD(2022)656.

³⁷ *Ibid.*

³⁸ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2021 maidir le bealaí nua le haghaidh imirce dhleathach lucht saothair(2020/2010(INI)); Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Samhain 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le beartas agus dlí na himirce dleathaí (2020/2255(INL)).

³⁹ Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain maidir le stádas na náisiúnach trú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad; IO L 16, 23.1.2004, lch. 44.

⁴⁰ Treoir 2011/98/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2009 maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh ceadúnas aonair do náisiúnaigh trú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar de chearta comhchoiteanna d'oibreoírí trú tír a chónaíonn go dlíthiúil i mBallstát, IO L 343, 23.12.2011, lch. 1-9.

le príomhthíortha comhpháirtíochta agus na príomhghnéithe a bhaineann le **Díorma Tallann an Aontais Eorpaigh**⁴¹; agus

- **colún réamhbhreathnaitheach**, bunaithe ar **thrí thosaíocht shonracha le haghaidh gníomhaíochta** ar cheart dóibh beartas an Aontais maidir leis an imirce dhleathach a threorú tuilleadh: **cúram, óige agus nuálaíocht**.

2. COLÚN REACTACH: NÓSANNA IMEACHTA IMIRCE A SHIMPLIÚ AGUS CEARTA OIBRITHE IMIRCEACHA A FHEABHSÚ

Leagann an **Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha agus an Treoir um Chead Aonair** creat síos maidir le nósanna imeachta agus cearta do chuid mhór d'oibrithe triú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu san Aontas. Mar sin féin, níor bhain an dá phársa reachtaíochta amach go hiomlán na cuspóirí ar glacadh iad den chéad uair, in 2003 agus in 2011 faoi seach. Ní bhaineann na Ballstáit mórán úsáid as an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha go leor agus ní dhéantar foráil inti maidir le ceart éifeachtach chun soghluaisteachta laistigh den Aontas. Níor baineadh amach go hiomlán an cuspóir a bhí leis an Treoir um Chead Aonair, is é sin nósanna imeachta maidir le ligean isteach a shimpliú d'oibrithe as tíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

I ngeall air sin go léir, tá **athbhreithniú foriomlán ar an dá Threoir**⁴² á mholadh ag an gCoimisiún. Is iad na príomhchuspóirí costais agus an t-ualach riaracháin d'fhostóirí a laghdú, dúshaothrú saothair a chosc agus tacú le lánpháirtíú agus soghluaisteacht bhreise laistigh den Aontas do náisiúnaigh ó thíortha lasmuigh den AE atá ina gcónaí agus ag obair san Aontas cheana féin.

Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh freisin ar chur chun feidhme na dTreoracha earnála is déanaí. In 2023, tabharfaidh sé tuairisc ar chur chun feidhme na **Treorach maidir le hOibrithe Séasúra** agus na **Treorach um Aistrithe Idirchorparáideacha**. Maidir leis an Treoir maidir le hOibrithe Séasúra, agus obair leantach á déanamh ar na rúin thuasluaite ó Pharlaimint na hEorpa, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an gcuireann na rialacha reatha dóthain cosanta ar fáil d'oibrithe séasúra i gcoinne an dúshaothraithe oibre. Féachfaidh sé freisin ar an ngá atá le leasuithe reachtacha amach anseo.

⁴¹ Ag tógáil ar an staidéar ó ECFE 2019 *Building an EU Talent Pool, A new approach for migration management for Europe* <https://www.oecd.org/publications/building-an-eu-talent-pool-6ea982a0-en.htm>, agus *Feasibility Study on the Development of an EU Talent Pool* ó OECD, 2022.

⁴² COM(2022)650 agus COM(2022)655.

2.1. An nós imeachta um chead aonair a chuíchóiriú

Déanann an **Treoir um Chead Aonair** simpliú ar an nós imeachta do náisiúnaigh ó thíortha lasmuigh den AE ar mian leo dul ar imirce go dtí an AE chun críocha oibre. Cuirtear i bhfeidhm leis aon nós imeachta amháin chun obair agus cead cónaithe a chomhcheangal (cead aonair). Cinntíonn sé freisin go **gcaitear go comhionann** le hoibrithe ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach agus le náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe, trí thacar coiteann de chearta a chur ar fáil d'oibrithe ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach⁴³.

Leis an athmhúnlú atá beartaithe ar an Treoir, **déanfar an nós imeachta iarratais a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos éifeachtaí**. Cuirfidh sé ar chumas iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar cheadanna ó thíortha nach bhfuil san AE agus ó Bhallstáit araon. Faoi láthair, fágann fad foriomlán na nósanna imeachta⁴⁴ maidir le hiarratais go ndíspreagtar fostóirí ó earcaíocht idirnáisiúnta. Meastar go mbeidh laghdú ar an tréimhse sin ina chabhair chun tarraingteacht an Aontais a mhéadú agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair an Aontais. Áirítear sa togra freisin ceanglais nua chun **na coimirce agus an chóir chomhionann a neartú** do náisiúnaigh ó thíortha nach bhfuil san Aontas i gcomparáid le saoránaigh an Aontais agus a gcosaint ar dhúshaothrú saothair a fheabhsú. Go háirithe, faoi na rialacha nua atá beartaithe, ní bheidh an cead aonair nasctha le fostóir amháin. Ciallaíonn sé sin go mbeidh sé de cheart ag oibrithe, laistigh de thréimhse bailíochta an cheada, fostóir a athrú fad a leanfaidh siad de bheith ina gcónaí go dlíthiúil sa Bhallstát. Éascóidh sé sin comhoiriúnú saothair agus laghdóidh sé leochaileacht an dúshaothraithe saothair. Ina theannta sin, áirítear sa togra oibleagáidí nua do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le cigireachtaí, sásraí faireacháin agus smachtbhannaí i gcoinne fostóirí a sháraíonn forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach.

2.2. Stádas cónaitheora fadtéarma AE a fheabhsú

Is é is aidhm don athmhúnlú ar an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha córas níos éifeachtaí, níos comhleanúnaí agus níos cothroime a chruthú chun stádas cónaitheora fadtéarma AE a fháil. Ba cheart go mbeadh an córas sin ina phríomhuirlis chun lánpháirtíú náisiúnach ó thíortha nach bhfuil san AE agus atá lonnaithe ar bhonn dlíthiúil agus fadtéarmach in AE a chur chun cinn.

Is é is aidhm don togra é **a dhéanamh níos éasca stádas cónaitheora fadtéarma AE a fháil**, trí chead a thabhairt do náisiúnaigh tríú tíortha tréimhsí cónaithe a charnadh i mBallstáit éagsúla d'fhonn an ceanglas maidir le fad cónaithe a chomhlíonadh; Agus trína shoiléiriú gur cheart gach tréimhse chónaithe dhlíthiúil a chomhaireamh go hiomlán, lena n-áirítear tréimhsí

⁴³I réimsí amhail dálaí oibre, oideachas agus oiliúint, rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, agus slándáil shóisialta.

⁴⁴ Léirítear sa staidéar ar iarratais phraiticiúla ar an tseiceáil oiriúnachta go síneann an t-am is gá chun iarratas a dhéanamh ar víosa uaireanta go suntasach, i gcásanna áirithe, suas le 3 mhí.

cónaithe mar mhic léinn, mar thairbhíthe de chosaint shealadach, nó tréimhsí cónaithe bunaithe ar fhorais shealadacha ar dtús.

Tá sé d'aidhm ag an togra freisin **cearta cónaitheoirí fadtéarmacha agus a mbaill teaghlaigh a neartú**. Áirítear leis sin an **ceart chun bogadh agus oibriú i mBallstáit eile**, a d'iarr Parlaimint na hEorpa⁴⁵ agus roinnt geallsealbhóirí⁴⁶ agus ar cheart go mbeadh an ceart sin chomh cosúil agus is féidir leis an gceart atá ag saoránaigh AE (laistigh de chreat dlíthiúil an AE is infheidhme). Má cheadaítear do náisiúnaigh ó thíortha nach bhfuil san AE ach atá ina gcónaí san Aontas cheana poist a athrú agus bogadh go Ballstát eile ar mhaithe le hobair, is féidir feabhas a chur ar éifeachtacht mhargadh an tsaothair ar fud an Aontais, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus míchothromaíochtaí réigiúnacha a fhritháireamh. Chomh maith leis sin, is féidir leis tarraingteacht fhoriomlán an Aontais do dhaoine tréitheacha eachtracha a fheabhsú.

Sa bhreis air sin, leis an togra, cuirtear sásra ar bun chun **cothrom iomaíochta** a áirithiú idir cead cónaithe fadtéarmach an Aontais agus ceadanna buanchónaithe náisiúnta i dtéarmaí nósanna imeachta, cearta maidir le cóir chomhionann, agus rochtain ar fhaisnéis, ionas go mbeidh fíorrogha ag náisiúnaigh ó thíortha nach tíortha den Aontas iad idir an dá chead. Éascaíonn sé **imirce chiorclach** freisin trína dhéanamh níos éasca do chónaitheoirí fadtéarmacha filleadh ar a dtír dhúchais gan a gcearta a chailleadh, rud a théann chun tairbhe do na tíortha tionscnaimh agus do na tíortha cónaithe araon.

3. COLÚN OIBRÍOCHTÚIL: TACÚ LE SCILEANNA AGUS RIACHTANNAIS DON AONTAS AGUS DO NA TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA A CHOMHOIRIÚNÚ NÍOS FEARR

In éineacht leis an gcolún reachtach, molann an Coimisiún dlús suntasach a chur leis an gcomhar oibríochtúil ar leibhéal an Aontais idir na Ballstáit agus le tíortha comhpháirtíochta. Tá dul chun cinn déanta cheana féin maidir le Comhpháirtíochtaí Tallainne agus Díorma Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunú, idir phríomhthionscnaimh a fógraíodh faoin gComhshocrú Nua um Imirce agus Tearmann.

In éineacht le tiomantas polaitiúil atreisithe ar thaobh na mBallstát, tá treochlár soiléir á mholadh ag an gCoimisiún anois chun saol a thabhairt don dá thionscnamh thábhachtacha sin faoi dheireadh 2022 ar a dhéanaí.

⁴⁵ Parlaimint na hEorpa, an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, , *New avenues for legal labour migration* [Bealaí nua don imirce dhleathach saothair] (2020/2010(INI)) (rapóirtéir: Sylvie Guillaume).

⁴⁶

https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12594-Public-consultation-on-legal-migration/public-consultation_en

3.1. **Ár gcomhar le tíortha comhpháirtíochta a fheabhsú trí na Comhpháirtíochtaí Tallainne**

Tá Comhpháirtíochtaí Tallainne **ar cheann de phríomhghnéithe na gné seachtraí den Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann**. Is é is aidhm dóibh an comhar idir an tAontas Eorpach, na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta a neartú agus borradh a chur faoi shoghluaisteacht idirnáisiúnta an lucht saothair agus faoi fhorbairt daoine tréitheacha ar bhealach a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh agus ar bhealach ciorclach. Cuirfidh siad bonn taca faoi chreat cuimsitheach beartais agus faoi thacaíocht airgeadais chun páirt straitéiseach a thabhairt do phríomhthíortha comhpháirtíochta i ngach réimse a bhaineann le bainistiú imirce, lena n-áirítear filleadh éifeachtach agus athligeran isteach éifeachtach, chomh maith le cosc a chur ar imeachtaí neamhrialta. Mar a leagtar amach sa Chomhshocrú Nua, ba cheart go gcuideodh forbairt bealaí dleathacha freisin leis an imirce neamhrialta a laghdú.

Tá forbairt Comhpháirtíochtaí Tallainne á stiúradh ag an gCoimisiún lena chinntiú go n-ullmhaítear iad ar **bhealach saincheaptha solúbtha** agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus ar riachtanais scileanna na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta.

Le Comhpháirtíochtaí Tallainne, **ba cheart tacaíocht dhíreach do scéimeanna soghluaisteachta⁴⁷ le haghaidh oibre nó oiliúna a chomhcheangal le fothú acmhainní agus infheistiúcht i gcaipiteal daonna**, lena n-áirítear forbairt scileanna, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus scéimeanna malartaithe obairbhunaithe a oibríochtú⁴⁸. Agus an méid sin á dhéanamh acu, tá sé mar aidhm acu a áirithiú go mbeidh bua cothrom ag na tíortha comhpháirtíochta, ag na Ballstáit, ag pobail ghnó ar an dá thaobh agus ag daoine aonair a bhaineann tairbhe as na comhpháirtíochtaí. I gcomhréir le comhar déthaobhach an AE le tíortha comhpháirtíochta, ba cheart go rachadh siad chun tairbhe d'fhorbairt eacnamaíoch na bpobal tionscnaimh, chun spriocanna forbartha níos leithne na dtíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn agus chun deiseanna dá saoránaigh a neartú. Ag an am céanna, ba cheart dóibh cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais in earnálacha áirithe de mhargaí saothair na mBallstát agus cabhrú leis an bpobal gnó ar an dá thaobh cur leis na scileanna atá san éileamh. Ba cheart dóibh an riosca a bhaineann le himirce daoine oilte ó thíortha comhpháirtíochta a iompú ina **ghnóthachan inchinne** do na comhpháirtithe uile, rud a rachadh chun tairbhe dóibh siúd lena mbaineann de bharr go mbíonn rochtain acu ar dheiseanna oiliúna athnuaite, ar thaithí ghairmiúil agus ar staidéar breise nó ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint a forbraíodh san Aontas Eorpach nó ina dtíortha tionscnaimh.

⁴⁷ Beidh ar na scéimeanna sin oibleagáidí idirnáisiúnta a eascraíonn as comhaontuithe trádála an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh.

⁴⁸ D'fhéadfadh cásanna a bheith i gceist le Comhpháirtíochtaí Tallainne gan aon chuid den tsoghluaisteacht, nó os a choinne sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh ach cuid den tsoghluaisteacht i gceist, má aontaíonn an tAontas Eorpach agus an tír chomhpháirtíochta sin.

Beidh Comhpháirtíochtaí Tallainne oscailte do **gach leibhéal scile** agus d'fhéadfadh baint a bheith acu le **hearnálacha éagsúla eacnamaíocha** amhail TFC, eolaíocht, innealtóireacht, sláinte⁴⁹ agus cúram fadtéarmach, talmhaíocht, iompar, gairneoireacht, próiseáil agus turasóireacht bia, obair tógála agus calafoirt, iompar agus lóistíocht, **ag brath ar leasanna an dá thaobh** a bhfuil na Comhpháirtíochtaí Talent á múnú acu **agus iad ag cuimhneamh ar na rioscaí a bhaineann le himirce daoine oilte ag an am céanna**. Déanfaidh siad foráil maidir le **cineálacha éagsúla soghluaisteachta**: De chineál sealadach, fadtéarmach nó ciorclach, mar a chomhaontaigh an dá thaobh. Ba cheart dóibh, go háirithe, an t-aistriú glas agus digiteach a chur san áireamh agus tacú le margaí an tsaothair agus é mar aidhm leo cumas fáis an Aontais a spreagadh, agus teicneolaíochtaí agus réitigh a bheidh ag breathnú amach anseo á gcothú.

Tacóidh an Coimisiún le **rannpháirtíocht roinnt Ballstát** in aon Chomhpháirtíocht amháin le haghaidh gach tíre comhpháirtíochta. Leis sin, beifear in ann raon leathan gníomhaíochtaí, cineálacha éagsúla soghluaisteachta do scileanna éagsúla agus d'earnálacha eacnamaíocha éagsúla, tionchar níos láidre ar na Ballstáit agus ar thíortha comhpháirtíochta araon, agus breisluach do chonair ghairme an duine aonair.

Tá **comhúinéireacht na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta** ar Chomhpháirtíocht Tallainne ríthábhachtach chun **inscálaitheacht** a áirithiú agus chun comhar atá chun tairbhe an dá thaobh agus atá inbhuanaithe a bhaint amach. Beidh ar na Comhpháirtíochtaí Tallainne **frestal ar fhíor-riachtanais agus ar fhíorscileanna mhargadh an tsaothair** ar an dá thaobh. Ba cheart go rachadh na comhpháirtíochtaí chun tairbhe geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha amhail fostóirí, institiúidí oiliúna agus eagraíochtaí diaspóra. De mheon chur chuige **Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa**⁵⁰, ba cheart do na Comhpháirtíochtaí Tallainne ionstraimí maoiniúcháin an Aontais agus na mBallstát agus cistí na hearnála príobháidí⁵¹ a úsáid de réir mar is iomchuí. Mar aon le rannpháirtíocht láidir il-gheallsealbhóra i ndearadh agus i gcur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí Tallainne.

Oibríochtú na gComhpháirtíochtaí Tallainne

Seoladh tionscnamh na gComhpháirtíochtaí Tallainne ag ócáid ardleibhéil i mí an Mheithimh 2021⁵². Ó shin i leith, tá an Coimisiún i mbun tuairimí a mhalartú leis na Ballstáit maidir le coincheapú agus oibríochtú na gcomhpháirtíochtaí, thionóil sé idirphlé ardleibhéil le tíortha

⁴⁹ I lánchomhlíonadh airteagal 5.1 de chód iompair EDS maidir le hearcú idirnáisiúnta pearsanra sláinte, https://cdn.who.int/media/docs/default-source/health-workforce/migration-code/code_en.pdf?sfvrsn=367f7d35_5&download=true

⁵⁰ Is cuid í an imirce dhleathach de Thionscnaimh Foirme na hEorpa don Mheánmhuir Láir agus do bhealaí na Meánmhara Thiar/na hAtlantacha.

⁵¹ Ag brath ar ghníomhaíochtaí gach Comhpháirtíochta Tallainne, d'fhéadfaí infheistíochtaí ón earnáil phoiblí a fhorlíonadh le cistí ón earnáil phríobháideach, go háirithe ó na cuideachtaí sin a bhainfidh tairbhe as oibríthe oilte agus a áiritheoidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí sin.

⁵² [Comhpháirtíochtaí Tallainne \(europa.eu\)](https://european-council.europa.eu/media/e3000000/1/press-releases/1920210720_en.pdf).

comhpháirtíochta agus comhpháirtíochtaí comhtháite Talent i bpleanáil Chreat Airgeadais Ibhliantúil 2021-2027.

Cuirfidh Comhpháirtíochtaí Tallainne leis an taithí a fuarthas ó threoirhionscadail atá ann cheana. Ag an am céanna, déanfaidh siad foráil maidir le comhar nua, níos straitéisí agus níos treise le tíortha comhpháirtíochta maidir leis an imirce dhleathach. Le creat struchtúrtha na gComhpháirtíochtaí Tallainne, mar aon le sásraí láidre comhordúcháin, áiríteofar go gcuirfear cuspóirí polaitiúla an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta san áireamh agus go ndéanfar iad a aistriú ina ngníomhaíocht inláimhsithe i bhfoirm clár nithiúil.

In éineacht leis na comhpháirtithe ábhartha de chuid na Comhpháirtíochta Tallainne, áiríteoidh an Coimisiún go mbunófar sásra comhordúcháin iomchuí ar an leibhéal teicniúil – chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí ó thaobh an Aontais Eorpaigh de, agus le tíortha comhpháirtíochta ar fad. Leis an sásra sin, déanfar faireachán ar chur chun feidhme na comhpháirtíochta agus ar ghníomhaíochtaí na comhpháirtíochta agus áiríteofar comhlántacht leis na tionscnaimh ábhartha eile go léir i réimse na himirce agus forbairtí sa mhargadh saothair.

Ceithre chéim chun Comhpháirtíocht Shaincheaptha Tallainne a oibríochtú

Téann an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na tíortha comhpháirtíochta, i gcomhar le Toscaireachtaí ábhartha an Aontais, maidir le Comhpháirtíocht shonrach Tallainne a sheoladh, ina gcuirtear san áireamh staid foriomlán an chaidrimh agus na riachtanas a bhaineann le bainistiú imirce, chomh maith le riachtanais agus leasanna mhargadh an tsaothair na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta sa chomhar foriomlán maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus forbairt tallann.

Eagraíonn an Coimisiún cruinnithe le Ballstáit leasmhara ina dhiaidh sin chun eolas a roinnt faoina riachtanais i margadh an tsaothair agus faoi na tionscnaimh leanúnacha atá beartaithe leis an tír chomhpháirtíochta shonrach. Ag an am céanna, déanann an Coimisiún anailís ar na sonraí atá ar fáil maidir le margaí saothair, leasanna agus acmhainneacht na dtíortha comhpháirtíochta agus, i gcás inarb ábhartha, téann sé i mbun plé le hionadaithe ón earnáil phríobháideach.

Oibreoidh seirbhísí an Choimisiúin, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus Toscaireachtaí an Aontais i gcomhar leis na tíortha comhpháirtíochta ábhartha agus déanfaidh siad an plé sin a stiúradh agus é mar aidhm acu Comhpháirtíocht shonrach Tallainne a fhorbairt le chéile. Déanann an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis an tír chomhpháirtíochta lena mbaineann, cruinniú comhchéime teicniúil a eagrú ina dhiaidh sin do gheallsealbhoirí ábhartha uile an Aontais Eorpaigh agus na tíre comhpháirtíochta. Ag an gcruinniú comhchéime sin, pléfead agus comhaontófar dearadh na comhpháirtíochta sonraí.

A luaithe a bheidh comhaontú foriomlán ann maidir le hábhar, dearadh agus cur chun feidhme na Comhpháirtíochta Tallainne le tír chomhpháirtíochta ar leith, cuirfead maoiniú ar fáil trí mheascán d'ionstraimí airgeadais éagsúla. Go háirithe, is iad na hionstraimí sin an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idimnáisiúnta (NDICI-An Eoraip Dhomhanda) agus an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), cistí dílse na mBallstát agus cistí na hearnála príobháidí, nó cistí ó tíortha comhpháirtíochta fiú, ag brath ar na féidearthachtaí agus na tosaíochtaí. Is próiseas leanúnach é foirmiú gníomhaíochta inláimhsithe faoi NDICI-Eoraip Dhomhanda, atá bunaithe ar na doiciméid chlársceidealaithe arna nglacadh lena gcomhdaítear an tréimhse 2021-2027. Beidh sé ríthábhachtach cistí na hearnála príobháidí a ghíaráil, go háirithe ó na cuideachtaí sin a bhainfidh tairbhe as oibríthe mar chuid de gníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Tallainne agus lena n-áiríteofar tionchar níos fadtéarmaí agus inbhuanaitheacht na scéimeanna sin.

COMHPHÁIRTÍOCHT SHAINCHEAPHTHA
TALLAINNE



Mar chéad chéim, tar éis plé ardleibhéil, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún, bunaithe ar chomhar láidir leanúnach maidir le gach gné de bhainistiú na himirce faoi chur chuige cuimsitheach an

Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann, na chéad Comhpháirtíochtaí Tallainne a sheoladh le **comhpháirtithe na hAfraice Thuaidh, go háirithe an Éigipt, Maracó agus an Túinéis, go gcuirfí tús lena gcur** chun feidhme faoi dheireadh 2022. Leis an obair ar na Comhpháirtíochtaí Tallainne, cuirfear leis na treoirhionscadaí rathúla a forbraíodh i gcomhar leis na comhpháirtithe sin, agus a raon feidhme agus a leibhéal uailmhéine⁵³ á leathnú, agus ag an am céanna beidh creat níos leithne don chomhar ag gabháil leo, creat a shaineofar leis na Ballstáit agus leis na tíortha comhpháirtíochta faoi seach, agus lena mbainfear leas as na geallsealbhóirí ábhartha uile sa phróiseas.

Mar chuid de chur chuige de réir a chéile, is é an chéad chéim nádúrtha eile i bpróiseas an chomhair neartaithe maidir le bainistiú imirce a bheidh i seoladh na gComhpháirtíochtaí Tallainne **le tíortha comhpháirtíochta eile san Afraic agus san Áise**. Go háirithe, ó fhómhar 2022 ar aghaidh, i gcomhthráth le cur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí Tallainne a sheolfar leis an Éigipt, le Maracó agus leis an Túinéis, tá sé beartaithe tús a chur le measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé Comhpháirtíochtaí Tallainne a sheoladh leis an bPacastáin, leis an mBanglaidéis, leis an tSeineagáil agus leis an Nigéir, mar cheann de na príomhghnéithe de chomhar treisithe maidir le bainistiú imirce leis na tíortha sin.

3.2. Díorma Tallainne de chuid an Aontais a fhorbairt chun fostóirí an Aontais a mheaitseáil níos fearr leis na buanna a theastaíonn uathu


Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an **chéad ardán agus uirlis mheaitseála a bhunú ar fud an Aontais, Díorma Tallainne an Aontais**⁵⁴ chun cabhrú le náisiúnaigh ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a dhéanamh níos tarraingtí don Aontas agus chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le fostóirí an Aontais a mheaitseáil leis an tallann nach bhfuil siad in ann teacht orthu i margadh saothair an Aontais. Is éard a bheidh i nDíorma Tallainne an Aontais ná painéal iarrthóirí ar fud an Aontais ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach, agus roghnófar na hiarrthóirí sin ar bhonn leibhéil scileanna, critéir agus riachtanais shonracha imirce, tar éis dintiúir na n-iarrthóirí a scagadh⁵⁵.

⁵³ Amhail na treoirhionscadaí THAMM idir an Ghearmáin, an Bheilg agus an Fhrainc le Maracó, leis an Túinéis agus leis an Éigipt); Palim idir an Bheilg agus Maracó; Homere idir an Fhrainc, Maracó, an Éigipt agus an Túinéis; YGCA idir an Spáinn agus Maracó; Meantóir 2 idir an Iodáil, Maracó agus an Túinéis; MOVE_GREEN idir an Spáinn agus Maracó agus Wafira idir an Spáinn agus Maracó.

⁵⁴ OECD 2022 Feasibility Study on the development of an EU Talent Pool [Staidéar Féidearthachta OECD 2022 maidir le Díorma Tallainne de chuid an Aontais a fhorbairt.].

⁵⁵ déanfar an Díorma Tallainne de chuid an Aontais agus an tionscnamh píolótach a ghabhann leis a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, Ich. 1) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí an Aontais agus ag na comhlachtaí sin.

Agus an obair sin á hullmhú, tháinig riachtanas nua práinneach chun cinn mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, eadhon an gá le rochtain tairbhíthe de chosaint shealadach ar mhargadh saothair an Aontais a éascú. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as scileanna na ndaoine easáitithe, tá sé fógartha ag an gCoimisiún go seolfaidh sé **Díorma Tallann Píolótach de chuid an Aontais Eorpaigh do dhaoine atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin** faoi shamhradh 2022. Leis an tionscnamh píolótach gréasáin seo, beifear in ann scileanna na ndaoine a theith ón Úcráin agus atá i láthair sna Ballstáit a shainaithint agus a mhapáil chun go mbeidh siad in ann a gcomhoiriúnú le fostóirí an Aontais a éascú. Cuirfear san áireamh sa treoirthionscadal tionscnaimh rathúla atá ag dul ar aghaidh sna Ballstáit, (m.sh. sa Phortaingéil agus sa Rómáin). Déanfar é a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit, agus i gcomhairle le fostóirí, le comhpháirtithe sóisialta agus leis na geallsealbhóirí ábhartha eile go léir. **Is féidir leis an treoirthionscadal meaitseáil laistigh den AE a éascú agus forléargas a thabhairt do na húdaráis ar an raon leathan scileanna is féidir a úsáid ina dtíortha féin.** D'fhéadfadh sé comhoiriúnú a éascú in earnálacha tosaíochta i dtaca leis an líon mór dídeanaithe atá ag teacht chun na hÚcráine, amhail oideachas do leanaí atá ag teacht isteach (a éascaíonn seirbhísí pobail a eagrú) nó rochtain ar sheirbhísí bunúsacha agus ar chúram sláinte (a chuireann gairmithe sláinte nó ateangairí ar fáil).




Tá **grúpa téamach** pointí teagmhála ó Bhallstáit ar spéis leo páirt a ghlacadh sa tionscnamh píolótach faoi chuimsiú Ghréasán Imirce na hEorpa curtha ar bun ag an gCoimisiún cheana féin. Faoin samhradh, déanfaidh an grúpa téamach an tionscnamh píolótach a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cuirfear **tairseach gréasáin** ar fáil, rud a chuirfidh ar chumas tairbhíthe de chosaint shealadach a spéis a chlárú i dtaca le fostaíocht a fháil sna Ballstáit agus a

scileanna agus a dtaithe ghairmiúil a chur i láthair. Cuimseofar i ndearadh na tairsí seo gnéithe d’Uirlis an Aontais Eorpaigh le haghaidh Próifíl Scileanna do Náisiúnaigh Tríú Tír, uirlis thiomnaithe an Aontais chun scileanna náisiúnach ó thíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad a mhapáil agus a dhoiciméadú. Agus an tionscnamh á chur chun feidhme, lorgófar comhar le húdaráis na hÚcráine, lena n-áirítear maidir le haitheantas cáilíochtaí a éascú i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le cáilíochtaí a aithint do dhaoine atá ar a dteitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin⁵⁶.

Déanfar **Díorma Tallainne buan agus ginearálta de chuid an Aontais Eorpaigh** le haghaidh gach náisiúnach nach den Aontas iad agus ar spéis leo teacht chun bheith ina gcónaí agus ag obair san Aontas, **a fhorbairt i gcomhthráth leis an tionscnamh píolótach seo**, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit rannpháirteacha agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, amhail eagraíochtaí fostóirí, comhpháirtithe sóisialta agus ionaid ghairmoiliúna. **Faoi lár 2023, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún an Díorma Tallainne AE agus an tairseach gréasáin a ghabhann leis a sheoladh go foirmiúil** – agus molfaidh sé moladh lena mbunófar Díorma Tallainne an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear cairt agus treocharlár mionsonraithe le haghaidh a chéimeanna forbartha de réir a chéile⁵⁷. Déanfaidh an mheitheal théamach a bheidh ag obair ar an treoirthionscadal dearadh leagan amach eagraíochtúil, struchtúr rialachais agus feidhmiú an Díorma Tallainne a stiúradh freisin, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó fheidhmiú an tionscnaimh píolótaigh. Áireofar leis sin, i measc nithe eile, na scileanna a theastaíonn i margadh saothair an Aontais Eorpaigh a chinneadh, teacht ar chomhaontú maidir leis na critéir iontrála is ábhartha, an próiseas iontrála a eagrú agus rochtain na bhfostóirí féideartha ar an Díorma Tallainne AE a chomhordú. Dá bhrí sin, beidh tiomantas iomlán agus rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát rannpháirteach ríthábhachtach chun an Díorma Tallainne a fhorbairt agus a fheidhmiú.

⁵⁶ Moladh (AE) 2022/554 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2022 maidir le haithint cáilíochtaí na ndaoine atá ar a dteitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, C/2022/2319.

⁵⁷ Tá tuilleadh eolais faoi bhunú féideartha Díorma Tallainne an Aontais Eorpaigh curtha i láthair san Iarscríbhinn.



3.3. Feabhas a chur ar an rialachas a dhéantar ar imirce lucht saothair ar leibhéal an Aontais

Beidh dul chun cinn i réimse imirce an lucht saothair agus rath na dtionscnamh nua thuasluaite ag brath ar chomhar níos dlúithe agus ar thuiscint níos fearr idir **earnáil na himirce agus earnáil na fostaíochta**. Leis an bpacáiste sin, tá **ardán nua á sheoladh ag an gCoimisiún** lena bhféadfar **plé oibríochtúil a dhéanamh ar shaincheisteanna praiticiúla maidir le himirce lucht saothair**, go háirithe maidir leis an ngné sheachtrach den bheartas imirce, ganntanais lucht saothair agus saincheisteanna a bhaineann le próisis mhargadh an tsaothair. Is le hobair an ardáin a thacófaí le hoibríochtú na gComhpháirtíochtaí Tallainne agus an Díorma de chuid an Aontais maidir le Tallann. D'fhéadfadh an plé **cur le tuilleadh malartuithe polaitiúla** i bhfóraitim iomchuí, mar shampla ar leibhéal na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa. Bheadh ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, Gníomhaireachtaí an AE, na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, saineolaithe, eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí atá faoi stiúir imirceach agus príomhghníomhaithe eile páirteach sa phlé nuair is ábhartha.

4. COLÚN RÉAMHBHREATHNAITHEACH: PRÍOMHRÉIMSÍ TOSAÍOCHTA GNÍOMHAÍOCHTA

Chomh maith leis na bearta reachtacha agus oibríochtúla a leagtar amach thuas, ní mór leanúint den obair chun bealaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann don imirce dhleathach chuig an

Aontas a fhiosrú **sa mheántearma agus san fhadtearma**. Feictear don Choimisiún go bhféadfaí beartais réamhbhreathnaitheacha a dhíriú ar thrí réimse gníomhaíochta: **Cúram, óige agus nuálaíocht**.

Freagraíonn na trí réimse sin do thrí thosaíocht pholaitiúla thábhachtacha, ar leag Parlaimint na hEorpa béim orthu freisin sa tuarascáil reachtach féintionscnaimh⁵⁸ a thíolaic sí le déanaí: Oibrithe ar bheagán oiliúna agus ar mheánscileanna a mhealladh ó thíortha nach bhfuil san AE, in earnálacha ina bhfuil ganntanas agus riachtanais mhóra lucht saothair, e.g. cúram fadtéarmach; Níos mó deiseanna a chruthú do dhaoine óga laistigh agus lasmuigh den Aontas; Agus nuálaíocht agus fiontraíocht a chur chun cinn san Aontas Eorpach agus infheistiú i gceannasacht teicneolaíochta an Aontais.

4.1. Oibrithe cúraim fhadtearmaigh a mhealladh ó thíortha nach bhfuil san AE

Leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Cárta Gorm an Aontais, rinneadh nuachóiriú ar na rialacha chun oibrithe ardoilte ó thíortha lasmuigh den Aontas a mhealladh. Ina fhianaise sin, breathnóidh an Coimisiún ar an mbealach is fearr chun oibrithe ar bheagán oiliúna agus ar mheánscileanna a mhealladh, ar oibrithe iad a bhfuil gá leo i margadh saothair an Aontais. Díreoidh na Comhpháirtíochtaí Tallainne ar oibrithe a bhfuil gach leibhéal scileanna acu, lena n-áirítear leibhéal íseal agus meánach. Leis an Díorma Tallainne atá beartaithe, beifear in ann oibrithe a mhealladh a bhfuil sraith leathan scileanna acu, san fhadtearma ar a laghad. Léiríodh sa tseiceáil oiriúnachta go bhfuil gá le hoibrithe ar mheán-oilte agus ar bheagán oiliúna in AE⁵⁹, ach go bhfuil éagsúlacht mhór sna gairmeacha agus sna riachtanais ar fud na mBallstát. Is catagóir mór agus an-éagsúil oibrithe í seo, idir oibrithe beostoic-feirme agus tiománaithe trom-truck agus leoraithe go teicneoirí oibríochta TF. Clúdaíonn an chatagóir seo leibhéil éagsúla scileanna, earnálacha agus creataí polaitiúla agus dlíthiúla ar fud na mBallstát.

Dá bhrí sin, tá an Coimisiún i bhfabhar cur chuige céim ar chéim. Moltar ann díriú ar dtús ar earnáil ina bhfuil tairbhe shoiléir ag baint le gníomhú ar leibhéal an AE: cúram fadtéarmach.

Tá éagsúlacht mhór idir dearadh agus aibíocht na gcóras cúraim fhadtearmaigh ar fud an Aontais, ach tá **dúshlán choiteanna** roimh gach tír: An gá atá le cúram atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil i gcomhthéacs an éilimh atá ag dul i méid ar chúram sláinte agus sóisialta agus ganntanais foirne i ndaonra atá ag dul in aois. Is cuid shuntasach den lucht saothair cúraim fhadtearmaigh iad oibrithe imirceacha, agus go háirithe

⁵⁸ 2020/2255(INL).

⁵⁹ Tá teanntacht ghinearálta sa mhargadh saothair do na leibhéil scileanna sin, féach freisin an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, *Labor Market Tightness in Advanced Economies*, Márta 2022. Féach freisin na gairmeacha ganntanais is minice a thuairiscítear in 2021 in AE: Údarás Eorpach Saothair, *Anailís ar ghanntanas agus ar shlite beatha barrachais; 2021* <https://www.ela.europa.eu/en/news/analysis-shortage-and-surplus-occupations-2021>.

mná⁶⁰. Le linn ghéarchéim COVID-19, tháinig cúram fadtéarmach chun cinn mar sheirbhís bhunriachtanach a chuireann príomhoibrithe ar fáil. Mar sin féin, infheistíocht theoranta san earnáil, dálaí deacra oibre agus ganntanas foirne mar thoradh air sin, cuireadh leis na dúshlán shuntasacha maidir le leanúnachas seirbhísí cúraim agus freagairt iomchuí ar an bpaindéim a áirithiú⁶¹.

Is deacair do na Ballstáit oibrithe cúraim a mhealladh agus a choinneáil. In earnáil an chúraim fhadtéarmaigh, táthar ag súil go dtiocfaidh suas le **7 milliún post do ghairmithe gaolmhara sláinte agus d'oibrithe cúraim phearsanta⁶² chun cinn faoi 2030⁶³**, agus ní chumhdófar iad ach go páirteach le margadh saothair an Aontais.

Rialaítear conairí dlíthiúla d'oibrithe cúraim fhadtéarmaigh ar an leibhéal náisiúnta, agus tá rialacha agus coinníollacha éagsúla⁶⁴ ag gabháil leo. Is gá a mheas an bhféadfadh leibhéal an AE cabhrú chun feabhas a chur ar an gcatagóir oibrithe sár-riachtanacha sin a ligean isteach san AE, agus a mhéid a d'fhéadfadh sé sin a dhéanamh. Rachadh feabhsú den sórt sin chun

⁶⁰Is ó lasmuigh den Aontas a thagann 4,5 % de na hoibrithe: Eurofound 2020, *Lucht oibre cúraim fhadtéarmaigh: Fostaíocht agus dálaí oibre*, <https://www.eurofound.europa.eu/publications/customised-report/2020/long-term-care-workforce-employment-and-working-conditions>; *Immigrant Key Workers: Their Contribution to Europe's COVID-19 Response JRC 2020*: [Príomhoibrithe Inimirceach: An méid a chuir siad le COVID-19 JRC 2020 na hEorpa]:

<https://ec.europa.eu/jrc/en/news/crucial-contribution-migrant-workers-europes-coronavirus-response>: b'ionann imircigh agus 10.3 % d'oibrithe cúraim phearsanta. Chun mionstaidéar ar oibrithe ar imircigh iad in earnáil na sláinte a léamh, féach Grubanov-Boskovic, S., Ghio, D., Goujon, A., Kalantaryan, S., Belmonte, M., Scipioni, M., Conte, A., Gómez-González, E., Gomez Gutierrez, E., Tolan, S., Martinez Plumed, F., Pesole, A., Fernandez Macias, E. and Hernandez-Orallo, J., *Healthcare and long-term care workforce: demographic challenges and potential contribution of migration and digital technology [Cúram sláinte agus lucht saothair cúraim fadtéarmach: dúshlán dhéimeagrafacha agus rannchuidiú féideartha na himirce agus na teicneolaíochta digití]*, EUR 30593 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021, ISBN 978-92-76-30233-9 (ar líne), 978-92-76-30232-2 (cló), doi:10.2760/33427 (ar líne), 10.2760/234530 (i.e.), JRC121698.

⁶¹Eurofound 2020, *Lucht oibre cúraim fhadtéarmaigh: employment and working conditions*.

⁶²demographic challenges and potential contribution of migration and digital technology Tá éagsúlacht ann idir thart ar 30 % agus thart ar 85 % sna Ballstáit ar fad maidir le cúram neamhfhoirmiúil a úsáid. De ghnáth, cuireann lucht saothair cáilithe cúram fadtéarmach foirmiúil ar fáil agus féadfar é a sheachadadh i suíomhanna éagsúla (cúram cónaithe, cúram baile foirmiúil nó cúram leathchónaithe). Áirítear ar oibrithe foirmiúla cúraim fhadtéarmaigh oibrithe cúraim shóisialta (amhail oibrithe cúraim phearsanta nó comhairleoirí) agus oibrithe cúraim sláinte (amhail altraí geiriatraiceacha nó altraí eile) chomh maith le grúpaí sonracha amhail cúramóirí beo-in (oibrithe atá ina gcónaí i dteaghlach an fhaighteora cúraim agus tacaíocht cúraim a chur ar fáil). Cúramóirí pearsanta is ea formhór mór na n-oibrithe foirmiúla cúraim fhadtéarmaigh, agus tá formhór an lucht saothair fostaithe i gcúram cónaithe. Tá leibhéal oideachais meánach ag formhór na n-oibrithe cúraim fhadtéarmaigh. Féach *Tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh 2021 maidir le Cúram Fadtéarmach: Treochtaí, dúshlán agus deiseanna i sochaí atá ag dul in aois*.

⁶³ *Tuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh 2021 maidir le Cúram Fadtéarmach: Treochtaí, dúshlán agus deiseanna i sochaí atá ag dul in aois*.

⁶⁴ JRC, *Healthcare and long-term care workforce: Dúshlán dhéimeagrafacha agus an fhéidearthacht a bhaineann leis an imirce agus leis an teicneolaíocht dhigiteach*.

tairbhe na mBallstát agus na dtíortha tionscnaimh araon, agus dhéanfaí earcaíocht eiticíúil agus ardchaighdeán a áirithiú ag an am céanna.

D'fhéadfadh Comhpháirtíochtaí Tallainne tacú leis an gcuspóir sin, trí oiliúint d'oibríthe cúraim fhadtéarmaigh a chur chun cinn, mar aon le comhar níos leithne le tíortha comhpháirtíochta, i measc nithe eile, chun bealaí a fhorbairt inar féidir le gairmithe eachtracha agus diaspóra cur le deiseanna a chruthú sa tír thionscnaimh⁶⁵. Chuideodh sé sin le maolú a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le himirce daoine oilte in earnálacha an chúraim sna tíortha tionscnaimh.

Dá méadófaí soláthar an oideachais agus an chúraim luath-óige tríd an athbhreithniú atá beartaithe ar spriocanna Barcelona, chuirfí níos mó oibríthe cúraim fhadtéarmaigh ar fáil don mhargadh saothair. Mar chuid den straitéis cúraim Eorpaigh atá beartaithe do 2022, agus i gcomhréir le plean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta⁶⁶ agus an Pháipéir Uaine maidir le hAosú⁶⁷, **seolfaidh an Coimisiún mapáil ar na coinníollacha iontrála agus ar na cearta atá ag oibríthe cúraim fhadtéarmaigh ó thíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad sna Ballstáit agus ar na riachtanais i ndáil leis sin, d'fhonn féachaint ar an mbreisluch agus ar an bhféidearthacht a bhaineann le scéim dhlíthiúil um ligean isteach ar leibhéal an Aontais a fhorbairt chun oibríthe den sórt sin a mhealladh⁶⁸.**

San anailís sin, breathnófar go cúramach ar na tionchair shóisialta agus eacnamaíocha a bheadh ag na scéimeanna sin ar leibhéal an Aontais, go háirithe ar dhálaí oibre oibríthe cúraim fhadtéarmaigh san Aontas, lena n-áirítear tuarastail na n-oibríthe sin. Cuirfear san áireamh ann freisin an tionchar ar thíortha tionscnaimh agus scrúdófar na socrúithe a d'fhéadfadh a bheith ann lena gcumasófaí comhaontuithe chun tairbhe gach ratha. D'fhéadfaí cláir oiliúna a fhorbairt arb é is aidhm dóibh freisin líon na mball foirne atá ar fáil sna tíortha sin nach bhfuil san AE a fhorbairt. Cumhdófar san anailís freisin **caighdeán eiticíúla maidir le hearcaíocht** mar a chuireann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun cinn iad⁶⁹.

4.2. Soghluaisteacht na hóige a chur chun cinn

⁶⁵ Beidh ar aon chlár leantach oibleagáidí idirnáisiúnta a eascraíonn as comhaontuithe trádála an Aontais a chur san áireamh.

⁶⁶ <https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/>
<https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/>

⁶⁷

https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12722-Demographic-change-in-Europe-green-paper-on-ageing_en
https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12722-Demographic-change-in-Europe-green-paper-on-ageing_en

⁶⁸ Cé is moite d'oibríthe ardoilte atá cumhdaithe cheana leis an gCárta Gorm AE.

⁶⁹ 2010 WHO Global Code of Practice on the International Recruitment of Health Personnel [2010 Cód Cleachtais Domhanda EDS maidir le Pearsanra Sláinte a Earcú Idirnáisiúnta.] [Microsoft Word – WHO global code of practice EN.doc](#)

Tá scéimeanna soghluaisteachta don aos óg ceaptha chun deis a thabhairt do dhaoine óga maireachtáil, obair agus taithí a fháil i dtír eile, agus malartuithe cultúrtha a chothú agus naisc idir tíortha a neartú ag an am céanna. Leis na scéimeanna soghluaisteachta don óige atá ann ar fud an domhain, díritear go hiondúil ar náisiúnaigh óga tríú tíortha (e.g. idir 18 agus 30 bliain d’aois), a bhfuil leibhéal áirithe oideachais acu. Tagann siad i dtír chun taisteal, obair agus cónaí a dhéanamh ar feadh tréimhse theoranta agus neamh-inathnuaithe, má tá dóthain airgid, árachas sláinte nó árachas taistil acu, agus mura bhfuil cleithiúnaithe ar bith acu. Ní gá do thairiscint poist iarratas a dhéanamh ar na scéimeanna soghluaisteachta óige seo.

Le **Scéim AE um Shoghluaisteacht don Aos Óg**, d’fhéadfaí an tAontas Eorpach ina iomláine a dhéanamh níos tarraingtí mar cheann scríbe⁷⁰. Dhéanfaidh sé é sin trí deis a thabhairt do dhaoine óga oilte ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach teacht chun cónaithe, taistil agus oibre ar feadh tréimhse teoranta ama (ní in-athnuaithe). Bheadh coinníollacha (aois, leibhéal oideachais agus cistí leordhóthanacha) cosúil leo siúd atá i bhfeidhm faoi scéimeanna náisiúnta. D’fhéadfaidh scéimeanna den sórt sin coinníollacha agus nósanna imeachta maidir le ligean isteach a rialú ar leibhéal an AE, chomh maith le cearta náisiúnach óg ó thíortha nach bhfuil san AE atá rannpháirteach sa scéim. Chun daoine óga oilte a mhealladh ar bhealach níos fearr agus chun barainneacht scála a bhaint amach, d’fhéadfaí é a fhiosrú leis na Ballstáit freisin má tá an deis ann cearta soghluaisteachta a dheonú do dhaoine óga den sórt sin laistigh den AE⁷¹.

Tá sé tábhachtach deiseanna taistil agus oibre a oscailt chun taithí nua a fháil agus chun scileanna a fhorbairt thar lear. Ní hamháin go bhfuil feidhm aige sin maidir le náisiúnaigh óga ó thíortha nach bhfuil san AE, ach maidir le saoránaigh óga AE freisin. Dá bhrí sin, bheadh gá Scéim Eorpach um Shoghluaisteacht don Aos Óg a chomhlánú le **comhaontuithe nó socruithe cómhalartacha le tíortha nach bhfuil san Aontas maidir le** coinníollacha agus cearta iontrála, agus bheadh an deis ag na Ballstáit cuótaí a shocrú do dhaoine óga ar tugadh cead isteach dóibh agus iad ag teacht isteach san Aontas.

Féachfaidh an Coimisiún an bhféadfaí Scéim Shoghluaisteachta Eorpach don Óige a fhorbairt, agus tástáil á déanamh ar roghanna éagsúla go háirithe le haghaidh comhaontuithe le tíortha nach bhfuil san Aontas lena gcumasaítear cómhalartacht.⁷² Seolfar an próiseas sin sa tríú ráithe de 2022, ag an bhFóram Eorpach um Imirce, ina gcuinnítear an imirce agus ina n-iarrfar ar pháirtithe leasmhara na hóige, rud a chuirfidh le cuspóirí leathana Bhliain Eorpach na hÓige 2022.

4.3. Ligean isteach do bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta a éascú ar leibhéal an Aontais

⁷⁰ *OECD, Recruiting Immigrant Workers – Europe 2016.*

⁷¹ Gan iallach a bheith orthu iarratas a dhéanamh ar víosa i gcás gach tíre inar mian leo oibriú.

⁷² Beidh ar aon chlár leantach oibleagáidí idirnáisiúnta a eascraíonn as comhaontuithe trádála an Aontais a chur san áireamh.

Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar na **scéimeanna náisiúnta maidir le ligean isteach do ‘fhiontraithe nuálacha’ agus do bhunaitheoirí nuathionscanta**, san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain araon⁷³.

Is éard atá sna scéimeanna sin dreasachtaí amhail víosaí speisialta nó ceadanna cónaithe d’fhiontraithe nuálacha ón gcoigríoch. Tá sé coiteann do gach scéim go ndíríonn siad ar chineál gnó ar leith, i.e. iad siúd atá nuálach, inscálaithe agus/nó a bhfuil breisluach acu ar an ngeilleagar náisiúnta nó ar an timpeallacht ghnó⁷⁴.

Tacaíonn gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraíocht i gcoitinne le forbairt eacnamaíoch agus nuálaíocht an AE. Tá ról lárnach acu freisin i ndáil le **haistriú dúbailte an Aontais chuig geilleagar inbhuanaithe agus digiteach**. Sa chomhthéacs sin, leagadh béim sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Lánpháirtiú agus le Cuimsiú ar rannchuidiú suntasach na bhfiontraithe imirceacha le fás eacnamaíoch agus le cruthú post agus ar an ról atá acu chun tacú le téarnamh iar COVID-19.

Le bearta AE, d’fhéadfaí an rochtain atá ag fiontraithe nuálacha agus bunaitheoirí nuathionscanta ar mhargadh aonair an AE ina iomláine a éascú tuilleadh trí thacú lena ligean isteach agus lena ngnó a chruthú. Chuideodh bearta den sórt sin leis an tallann is fearr a mhealladh agus, ar an gcaoi sin, an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a chur chun cinn san Aontas. Bheadh sé sin i gcomhréir leis an **gClár Oibre Eorpach um Nuálaíocht** agus leis an tacaíocht ghinearálta a thugann an tAontas do chruthú gnó. Áirítear leis an tacaíocht ghinearálta sin timpeallacht atá fabhrach do ghnó a chur ar bun, fiontraíocht a chur chun cinn, rochtain ar mhargaí nua agus idirnáisiúnú a fheabhsú, rochtain ar mhaoiniú a éascú, agus tacú le hiomaíochas agus le nuálaíocht i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide⁷⁵. Tá an Coimisiún ag obair freisin chun tacaíocht a thabhairt d’fhiontraithe i measc daoine easáitithe as an Úcráin, ag féachaint go háirithe ar bhearta a chuideoidh leo a ngnó féin a chur ar bun san Aontas Eorpach.

⁷³Áiríodh sa mheasúnú tionchair atá mar bhuntaca don athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an gCárta Gorm mapáil scéimeanna lena ndírítear ar bhunaitheoirí agus ar fhiontraithe nuathionscanta (https://ec.europa.eu/home-affairs/what-is-new/work-in-progress/initiatives/avzbt_intro_en). I staidéar a rinne EMN, rinneadh an mhapáil sin a thabhairt cothrom le dáta ag deireadh 2019 (<https://emnbelgium.be/sites/default/files/publications/Migratory%20Pathways%20for%20Start-Ups%20and%20Innovative%20Entrepreneurs%20in%20the%20European%20Union.pdf>).

⁷⁴ Ní mór do 11 Bhallstát plean gnó a chur isteach. Ar na coinníollacha iontrála eile tá íosleibhéal caipitil, rannpháirtíocht i scéim urraíochta nó tacaíochta, cruthúnas ar acmhainní leordhóthanacha, árachas, leibhéal áirithe cáilíochta agus/nó scileanna teanga.

⁷⁵ Féach mar shampla [Clár an Mhargaidh Aonair](#), an [straitéis FBM](#) and support agus tacaíocht don nuálaíocht faoin gclár [Fís Eorpach](#), an [Líonra Fiontar Eorpach](#), [Erasmus d’Fhiontraithe Óga](#), [beartas cnuasaigh an Aontais](#), [Moil Nuálaíochta Digítí Eorpacha](#), [Startup Europe](#), [Comhaontas na Náisiún Eorpach do ghnóthais Nuathionscanta](#), etc.

Ag tógáil ar thionscnaimh a cuireadh ar bun le déanaí ('An Eoraip a Scála' faoi Uachtaránacht na Fraince ar an gComhairle⁷⁶), tá deis ann an plé⁷⁷ a athsheoladh leis na hinstiúidí agus na geallsealbhóirí ábhartha uile chun measúnú a dhéanamh ar an scóip atá ann do ghníomhaíocht bhreise ar leibhéal an Aontais maidir le fiontraihte nuálacha ón gcoigríoch a ligean isteach. D'fhéadfadh tacaíocht an AE a bheith i bhfoirm tacaíochta do scéimeanna náisiúnta, lena n-áirítear trí mhalartuithe faisnéise a éascú. Scrúdófar freisin ábharthacht víosa nua AE d'fhiontraihte nuálacha, agus scéimeanna náisiúnta á spreagadh, go háirithe ar chritéir chun na fiontraihte is fearr gealladh agus is nuálaí a roghnú. Pléifear na roghanna sin i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le tionscnaimh na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear laistigh d'fhóram na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus de **Chomhghuaillíocht na Náisiún Nua-thionscanta Eorpach**. Is é atá sa Chomhghuaillíocht sin ná 'meán cur chun feidhme' de chuid Chaighdeán na Náisiún Nua-thionscanta AE, ar tionscnamh beartais é de chuid Straitéis 2020 an Choimisiúin do FBManna⁷⁸, a bhfuil sé mar aidhm leis na Ballstáit a spreagadh chun dea-chleachtais a roinnt agus a ghlacadh lena gcuirfear timpeallacht lena gcothófar fás ar fáil do FBManna ardteicneolaíochta, lena n-áirítear dea-chleachtais chun tallann a mhealladh agus a choinneáil in AE.

5. CONCLUÍD

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo cur chuige pragmatach, céimseach i dtreo beartas imirce dleathaí AE a bheidh uailmhianach agus inbhuanaithe, rud a mheallfaidh na scileanna agus an tallann chun ganntanais lucht oibre a líonadh agus chun freagra a thabhairt ar an laghdú atá tagtha ar dhaonra na hEorpa atá in aois oibre. Tacóidh na bearta le téarnamh eacnamaíoch COVID-19 an Aontais, chomh maith leis an aistriú digiteach agus glas agus cruthófar bealaí sábháilte chun na hEorpa, agus an imirce neamhrialta á laghdú ag an am céanna.

Chun na scileanna agus an tallann atá de dhíth orainn a mhealladh, ní mór don Aontas córas níos tarraingtí agus níos éifeachtúla a chruthú. Chuige sin, tá gá le creat reachtach athbhreithnithe, comhar feabhsaithe le tíortha comhpháirtíochta, rialachas feabhsaithe ar imirce lucht saothair a mbeidh na príomh-gheallsealbhóirí uile rannpháirteach ann, chomh maith le réimsí nua gníomhaíochta, ag féachaint chun cinn.

Beidh ról iomlán ag an gCoimisiún maidir leis an gcur chuige nua sin a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus iarrann sé go mbeidh gach duine rannpháirteach agus tiomanta go láidir:

⁷⁶ Declaration of Intent - Making Europe the Land of Tech Talent (08/02/22), (<https://presidence-francaise.consilium.europa.eu/en/news/press-release-scale-up-europe-spurs-collective-action-to-accelerate-european-tech/>).

⁷⁷ Féach cheana féin na Conclúidí ón gComhairle 9510/16.

⁷⁸ <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/sme-strategy-launched-european-commission>.

Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus na Ballstáit, na gníomhaithe eacnamaíocha agus sóisialta, geallsealbhóirí eile atá rannpháirteach agus tíortha comhpháirtíochta ábhartha.

Chuige sin, eagróidh an Coimisiún comhdháil ardleibhéil sa tríú ráithe de 2022. Seolfar leis an gcomhdháil seo ardán nua an Aontais maidir le himirce saothair agus réiteofar tuilleadh an bealach i dtreo beartas imirce dleathach inbhuanaithe de chuid an Aontais.

IARSCRÍBHINN

Socruithe praiticiúla maidir le Díorma Tallainne de chuid an Aontais Eorpaigh

San Iarscríbhinn thíos, tugtar achoimre ar na rialacha mionsonraithe a d'fhéadfadh a bheith ag an Díorma de chuid an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé leis an anailís agus leis na moltaí a rinneadh i staidéar féidearthachta ECFE, chomh maith le plé taiscéalaíoch le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin.

D'fhéadfadh Díorma Tallainne an Aontais Eorpaigh a bheith bunaithe ar **thairseach gréasáin** lenar féidir le hiarrthóirí ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a chur in iúl gur spéis leo oibriú san Aontas Eorpach. Beidh ar iarrthóirí próifíl ar líne a chruthú agus doiciméid riachtanacha a chur i láthair lena ndeimhnítear leibhéal a scileanna, a n-oidreachais agus a dtaithe oibre⁷⁹. Beidh sé fós le cinneadh an mbeidh ar iarratasóirí cruthúnas ar a gcáilíocht a uaslódáil nuair a bheidh a bpróifíl á cruthú acu. De rogha air sin, d'fhéadfadh sé go mbeifí in ann próifíl a chruthú nach mbeadh aon bhundoiciméid ag gabháil léi, sna chéad chéimeanna ar a laghad. Sa rogha mhalartach seo, d'fhéadfadh úsáideoirí fós nascadh le próifílí i mbunachair sonraí tríú páirtí lena mbaineann faisnéis níos mionsonraithe nó d'fhéadfadh siad rogha a dhéanamh doiciméid tacaíochta a uaslódáil don phróiseas meaitseála agus roghnúcháin. Tá iniúchadh á dhéanamh freisin ar an bhféidearthacht naisc a fhorbairt le hardán Europass.

D'fhéadfadh próifílí na n-iarrthóirí a bheith faoi réir **scrúdú tosaigh ar bhonn critéir iontrála shoiléire arna gcomhaontú ag na húdaráis náisiúnta** atá rannpháirteach sa Díorma Tallainne. Féadfaidh na critéir sin, atá le sainiú leis na Ballstáit rannpháirteacha, a bheith bunaithe ar leibhéal sonracha oideachais, eolais ar theangacha, scileanna gairmiúla nó taithe ghairmiúil. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha mhargadh saothair an AE, d'fhéadfaí iad a nascadh freisin leis na héilimh agus na ganntanais shainaitheanta ar na margáil saothair náisiúnta nó réigiúnacha nó go háirithe ar na hearnálacha ganntanais. Beidh dlúthchomhar idir na húdaráis náisiúnta rannpháirteacha, mar a d'éascaigh an Coimisiún Eorpach, ag teastáil chun an scagadh tosaigh sin a dhéanamh. Ní mór a chinneadh an mbeadh an scagadh uathoibríthe, agus aon duine a chomhlíonann na critéir roghnúcháin ar bhonn a bpróifíle, a thiocfadh isteach sa Díorma Tallainne Eorpach gan a thuilleadh measúnaithe, nó ar cheart é a bhunú ar scagthástáil aonair ar na bundoiciméid arna déanamh ag na pointí teagmhála náisiúnta. Leis an gcéad rogha, tá an baol ann go bpoibleofar an comhthiomsú le próifílí bréagacha folamha. Ar an lámh eile, tá an baol ann go gcuirfeadh an rogha mhalartach iarrthóirí féideartha ó chlárú agus ó fhaisnéis phearsanta fhairsing a chur ar fáil gan torthaí a ráthú, go háirithe sna chéad chéimeanna forbartha.

⁷⁹ Beidh na roghanna maidir le straitéis forbartha TF agus soláthair faoi réir réamhcheadaithe ag an Bord an Choimisiúin um Theicneolaíocht Faisnéise agus um Chibearshláid.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Díorma Tallainne de chuid an Aontais ardáin féintástála atá ann faoi láthair agus atá beartaithe a ionchorprú ar leibhéal an Aontais chun scileanna agus eolas a fhianú (scileanna teanga, litearthacht ríomhaireachta, scileanna boga eile, etc.).

Na hiarrthóirí a shroicheann tairseach incháilitheachta áirithe, ligfear isteach sa Díorma Tallainne iad. Ón tráth sin, **bheadh a bpróifíl ar fáil do na húdaráis inniúla agus d'fhostóirí ionchasacha le go bhféadfaidh siad iad a cheadú.** Is lasmuigh den Díorma Tallainne a dhéanfar an próiseas earcaíochta. Nuair a thairgtear post dóibh i gceann de na Ballstáit, bheadh iarrthóirí in ann iarratas a dhéanamh ar chead cónaithe bunaithe ar na scéimeanna imirce ábhartha de chuid an Aontais nó náisiúnta. Ní bheadh bealach nua dleathach imirce i gceist le cead isteach sa Díorma Tallainne agus ní dheonófaí ceart teacht isteach san Aontas Eorpach. Na hiarrthóirí a ligfear isteach ar an díorma, bheadh orthu fós cead cónaithe a fháil le bheith in ann obair a dhéanamh i mBallstát ar bhonn tairiscint poist. Beidh Díorma Tallainne an Aontais Eorpaigh ceaptha, áfach, mar uirlis chun cabhrú leis na Ballstáit agus le fostóirí freastal ar éilimh mhargaí saothair na mBallstát nach féidir leis an lucht saothair intíre freastal orthu. Beidh na Ballstáit in ann páirt a ghlacadh san uirlis sin de réir a gcuid riachtanas.

Beidh an Díorma Tallann Eorpach ag brath ar **phointí teagmhála náisiúnta** i ngach Ballstát atá rannpháirteach. D'fhéadfadh sé go mbeadh ionadaithe ó údaráis inimirce, ó chomhlacht poiblí arna cheapadh ag na Ballstáit rannpháirteacha, go hidéalach as seirbhísí fostaíochta poiblí, gníomhaireachtaí infheistíochta, comhlachtaí a mheallann tallann (lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, ionaid ghairmoiliúna sna Ballstáit agus sna tíortha comhpháirtíochta araon), oifigí saothair etc. D'fhéadfadh sé sin sineirgí a chothú agus comhordú a chothú idir nósanna imeachta meaitseála post agus inimirce. Bheadh na pointí teagmhála náisiúnta in ann dul i gcomhairle leis na scileanna atá cláraithe agus daoine a ligtear isteach a nascadh le fostóirí leasmhara, sa Bhallstát lena mbaineann nó le folúntais a mheaitseáil. Ag an am céanna, féadfar forléargas gan ainm a chur ar fáil go poiblí ar líon na bpróifílí a fhreagraíonn do scileanna áirithe ionas gur féidir le fostóirí ionchasacha cuardaigh a dhéanamh. Bheadh na fostóirí sin in ann teagmháil a dhéanamh leis na daoine comhfhreagracha tríd an bpointe teagmhála náisiúnta ábhartha.

De réir mar a thagann forbairt ar an Díorma Tallainne de chuid an Aontais, féadfar **roinnt comhpháirteanna nó feidhmiúlachtaí breise** a chur isteach de réir a chéile. Féadfar a áireamh orthu sin tairseach meallta tallainne ar a soláthrófar faisnéis spriocdhírthe agus treoir d'iarratasóirí, bunachar sonraí d'fholúntais ábhartha incháilithe, nó comhpháirt a bhaineann le cuardach poist nó le comhoiriúnú poist. Nascfadh córas comhoiriúnaithe poist próifílí na n-iarrthóirí leis na tairiscintí poist is oiriúnaí, bunaithe ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar an dá thaobh. Dhéanfaí teagmháil idir imircigh agus fostóirí a d'fhéadfadh a bheith ann tríd an Díorma Tallainne AE, agus d'fhéadfaí daoine a earcú lasmuigh den Díorma Tallainne.

Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag fiosrú an raoin chun **sineirgí** a fhorbairt le huirlisí eile atá ar fáil faoi láthair, amhail an t-ardán Europass nua a thacaíonn le daoine a ngairmréimeanna a bhainistiú i margadh saothair atá ag athrú go tapa, Uirlis an Aontais Eorpaigh do Phróifíl Scileanna le haghaidh Náisiúnaigh Tríú Tír, nó Ardán Tallainne LET ag cur leis an líonra EURAXESS, a bunaíodh i 43 thír agus 8 mol idirnáisiúnta a chuireann seirbhísí ar fáil do thaighdeoirí ar fud an domhain. Féadfar sineirgí a fhorbairt freisin le hionstraimí lena gcuirtear faisnéis ar fáil maidir le scileanna, amhail an uirlis a bhaineann le scileanna an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna.

Soláthraíonn an uirlis seo eolas cothrom le dáta ar na scileanna is mó a éilíonn fostóirí agus ar threochtaí an éilimh ar scileanna.

Ag tógáil ar an taithí a fuarthas ó thionscnamh píolótach an Aontais Eorpaigh maidir le Díorma Tallainne do dhaoine atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, d'fhéadfadh Díorma Tallainne an Aontais Eorpaigh leanúint de bheith oscailte do **dhaoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu** agus a bhfuil na dintiúir nó na scileanna acu chun clárú. Is é is príomhaidhm leis an uirlis ná daoine éirimiúla a mhealladh ó thíortha nach bhfuil san AE, ach d'fhéadfaí í a leathnú chun cabhrú le dídeanaithe atá ina gcónaí cheana féin in AE imeascadh i margadh saothair an Aontais Eorpaigh. De rogha, d'fhéadfaí cur leis na critéir maidir le ligean isteach sa Díorma Tallainne AE do dhaoine atá san Aontas cheana féin chun go mbeifear in ann scileanna ag leibhéal éagsúla atá ar fáil cheana san Aontas a shainaithint. Mar gheall ar nádúr solúbtha na huirlise agus a struchtúr eagraíochtúil, d'fhéadfaí na coigeartuithe sin a dhéanamh sách solúbtha de réir mar is gá, ar bhonn sealadach freisin. D'fhéadfaí é a bheartú freisin chun an Díorma Tallainne AE a chur chun cinn go gníomhach i measc pobal dídeanaithe, i dtíortha nach bhfuil san Aontas freisin. D'fhágfadh sé sin go mbeadh an Díorma Tallainne ina uirlis úsáideach chun taca a chur faoi bhealaí comhlántacha a bhaineann leis an obair sna Ballstáit⁸⁰.

⁸⁰ I Moladh (AE) 2020/1364 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir le conairí dlíthiúla chun cosaint a fháil san Aontas, iarrtar ar na Ballstáit bealaí den sórt sin a chur chun cinn chun níos mó áiteanna ligean isteach dleathach a chur ar fáil agus chun scileanna agus cáilíochtaí phobal mór dídeanaithe an domhain a ghíaráil.